SCRÚDÚ COINSIASA AN CHARGHAIS DON ÓIGE

Is sagart é an tAthair Dominic Meehan de chuid Ard-Deoise Chaisil agus Eimligh. Thaistil sé go Hondúras sa bhliain 2016 in éineacht le Trócaire, lena chuid oibre a mheas. Scríobh sé Scrúdú Coinsiasa le húsáid i rith an Charghais, atá bunaithe ar an taithí a bhí aige sa tír sin. Baineann sé féin úsáid as an acmhainn nuair a bhíonn daltaí á n-ullmhú don Chóineartú aige.

Bíonn idir 25 agus 35 duine óg sna grúpaí. Suíonn na daoine óga i gciorcal, agus bíonn spás beannaithe istigh sa lár acu. D'fhéadfadh bosca 'Trócaire' a bheith mar phointe fócais sa spás sin. Is féidir an Scrúdú Coinsiasa a chur in oiriúint go héasca d'aoisghrúpa ar bith.

Bíonn obair 'Trócaire' i Hondúras ag díriú ar thrí ábhar:

1. Oideachas bunaithe ar fhoréigean ar bhonn inscne agus droinge
2. Tacaíocht le cásanna seilbh thalún
3. Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol a chaomhnú

CÉIM 1:

Cuirfear tús leis an scrúdú trí bheith ag caint faoin mbochtaineacht i Hondúras. Maireann go leor daoine ar theacht isteach $2 nó níos lú sa lá.

Iarr ar na daoine óga machnamh a dhéanamh ar an méid atá acu ina saol. An mbíonn siad buíoch de na tuismitheoirí/caomhnóirí, de Dhia astu? An mbíonn siad ag cnáimhseáil agus ag gearán faoin mhéid nach bhfuil acu, ag cur brú míchothrom ar na tuismitheoirí/caomhnóirí ag lorg rudaí a bheadh ag daoine óga eile?

Is féidir cur leis an gceist agus an fhéiníomhá/fiúntas pearsanta a lua.

CÉIM 2:

Leanaimid ar aghaidh ag machnamh ar an fhoréigean a tharlaíonn i Hondúras. Bíonn an foréigean le sonrú sa bhaile agus i measc na sochaí (m.sh. an foréigean droinge).

Iarr ar an ngrúpa machnamh a dhéanamh maidir le daoine eile. Conas mar a réitíonn agus a chaitheann siad lena muintir sa bhaile, le tuismitheoirí/caomhnóirí, le siblíní? Conas mar a réitíonn agus a chaitheann siad le daoine ar scoil, taobh amuigh den scoil, ag déanamh spóirt, ag obair?

Is féidir cur leis an gceist agus conas a chaitheann siad lena gcuid buachaillí nó cailíní féin a lua.

CÉIM 3:

Is ábhar mór buartha é i Hondúras go ndéanann an aicme is saibhre agus is cumhachtaí sa tír grabáil talún i dtír ina bhfuil mianraí go leor inti. Déantar crainn phailme a phlandáil ar thalamh a bhaineann le feirmeoirí beaga, tógtar monarchana hidrileictreachais ar aibhneacha, tógtar tithe saoire ar dhúiche gan mhilleadh ar imeall an Aigéin Chiúin.

Iarr ar an ngrúpa machnamh a dhéanamh ar na cúrsaí sin. An dóigh leo go mbeadh sé ceadaithe sealbha saolta an duine eile a ghoid? An ndearna siad rudaí dá leithéid iad féin riamh?

An féidir cur leis an gceist agus plé a dhéanamh faoi theidlíocht, faoi rudaí a ba cheart a bheith acu dar leo?

CÉIM 4:

Is tír álainn í Hondúras, ach toisc go bhfuil sí suite idir an tAigéan Atlantach agus an tAigéan Ciúin, bíonn an baol ann i gcónaí go gcuirfidh na stoirmeacha trópaiceacha isteach uirthi. Tá sí leochaileach chomh maith ó thaobh an athraithe aeráide de. Tá aeráidí ar fud an domhain ag athrú ag ráta dochreidte agus tá an toradh céanna go mór le sonrú i Hondúras.

Iarr ar an ngrúpa machnamh a dhéanamh ar na fáthanna le go dtarlaíonn athruithe aeráide: ró-úsáid agus róbhrath ar leictreachas, uisce agus breosla iontaise carbóin. An mbímid féin freagrach agus acmhainní na cruinne a úsáid i gceart? Cad is féidir a dhéanamh? An bhfágtar soilse ar siúl ar fud an tí? An mbíonn raidió nó teilifís ar siúl gan fáth? An mbíonn an teirmeastat ró-ard sa bhaile? An gcuirtear uisce amú ag glanadh fiacla? Tá iliomad bealaí ann inar féidir meas ar an domhan a léiriú. Is féidir saol ciallmhar a chaitheamh agus cabhrú leis an aicme bhocht fhulangach sa domhan forbraíochta chomh maith.

CÉIM 5:

Is sráidbhaile álainn é Cuyamel ar imeall an Atlantaigh. Is ann a chónaíonn Maria, a máthair Miriam, a cairde agus an pobal áitiúil. Tá an áit go mór faoi thionchar ardú leibhéal an uisce sna farraigí, agus tarlaíonn na stoirmeacha trópaiceacha go rialta. Bíonn ar an teaghlach an baile a fhágáil ar a laghad cúig huaire i rith na bliana de bharr na stoirmeacha. Tá fadhbanna bruscair ansin chomh maith! Tá cathair Guatamala i ngiorracht dóibh, agus caitear bruscar amach timpeall na háite sin a théann isteach sna haibhneacha nó san fharraige, agus tagann sé aníos ar thránna Cuyamel.

Iarr ar an ngrúpa breathnú ar phictiúr a léiríonn cúrsaí bruscair agus machnamh a dhéanamh air. Baineann an truailliú le meas a bheith ag daoine ar áilleacht an domhain, ar an gcomhshaol, ar an bpláinéad, ar Maria agus ar a muintir, toisc go mbíonn orthu siúd cur suas le torthaí an easpa measa sin.

Is féidir cur leis an gceist agus a mhíniú go mbíonn tionchar deimhneach nó diúltach ar an duine eile nó ar an saol ag an uile ghníomh a dhéanaimid, is cuma cé chomh fánach a mheastar é a bheith.